COMHAIRLE
NA GAELSCOLAÍOCHTA

Príomhfheidhmeannach

£51,385 go £54,072
Post buan lánaimseartha lonnaithe i mBéal Feirste

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) an foras atá ionadaíoch thar ceann na Gaelscolaíochta. Chuir an Roinn Oideachais (RO) ar bun í sa bhliain 2000 leis an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh.

Is mian le Bord CnaG Príomhfheidhmeannach buan a cheapadh chun tacú leo a bhfís agus a straitéis d'earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hearnála trí phlé a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta. Beidh ar an té a cheapfar chomh maith an eagraíocht a bhainistiú go héifeachtach, foireann a threorú agus bainistíocht agus rialachas láidir airgeadais a chinntiú.

Don phost teastaíonn bainisteoir le taithí a bhfuil sainchleachtadh díreach acu ar fhoireann agus airgeadas a bhainistiú agus an cumas acu caidrimh dhearfacha chuiditheacha a bhunú le réimse ilchineálach de pháirtithe leasmhara. Is gá go mbeadh tuiscint agat ar phrionsabail na Gaelscolaíochta agus go mbeifeá tiomanta dóibh. Is gá go mbeadh idir Ghaeilge agus Bhéarla ar do thoil agat.

Le cur isteach ar phacáiste iarratais seol ríomhphost le do thoil chuig recruitmentunit@eani.org.uk nó glaoigh ar (028) 9041 3174. Is é 12 meán lae Déardaoin 23 Márta 2017 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe.

Tá CnaG tiomanta don chomhionannas deiseanna ar fhostaíocht.

Proficiency in the Irish language, both written and oral, is an essential requirement for the above post.

www.comhairle.org